**RÁITEAS ÓN ÍSILTÍR AGUS ÓN DANMHAIRG**

'Leagann an Ísiltír agus an Danmhairg béim ar a thábhachtaí atá sé socrú lena gcuirfear ar chumas Fheisirí Pharlaimint na hEorpa páirt a ghlacadh sa vótáil iomlánach le linn toirchis agus sna míonna tar éis leanbh a thabhairt ar an saol, a bhunú. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Ísiltír agus don Danmhairg gur glacadh an cinneadh ón gComhairle lena leasaítear an ionstraim um thoghcháin, lena gceadófar do na Feisirí a vóta a tharmligean go sealadach sa chaoi is go bhféadfaidh siad díriú ar a saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh.

Ag an am céanna, b'fhearr leis an Ísiltír agus leis an Danmhairg dá mbeadh raon feidhme níos leithne ag gabháil leis togra, lena gcumhdófaí, cuir i gcás, an tsaoire atharthachta agus an bhreoiteacht fhadtéarmach. Ina theannta sin, tugann an Ísiltír agus an Danmhairg dá n-aire go bhféadfadh raon feidhme iomlán dhualgais Feisire de Pharlaimint na hEorpa a chumhdach dá dtabharfaí scéim ionadaíochta sealadaí isteach.

Dá bhrí sin, tá an Ísiltír agus an Danmhairg den tuairim gur céad chéim dhearfach é an togra seo agus tá siad faoi réir le leanúint den obair le Parlaimint na hEorpa, leis an gComhairle agus leis an gCoimisiún maidir le céimeanna breise a bhaineann leis na socruithe saoire tuismitheora d'Fheisirí Pharlaimint na hEorpa.

Tugann an Ísiltír agus an Danmhairg dá n-aire freisin go bhfuil prionsabal an tsaor-shainordaithe agus na vótála gan treoracha ceangailteacha, go bhfuil siad leabaithe go daingean ar fud an Aontais Eorpaigh agus in Ionstraim an Aontais um Thoghcháin. Is den ríthábhacht é nach mbeidh na hionadaithe tofa faoi cheangal ag treoracha vótála agus go mbeidh siad in ann vótáil gan bhac. Is mian leis an Ísiltír agus leis an Danmhairg a chur in iúl go láidir nach bhfuil aon mhaolú ar phrionsabal an tsaor-shainordaithe i gceist leis an togra maidir le cearta vótála a aistriú, mar a leagtar síos sa dara habairt d'Airteagal 6(1) d'Ionstraim an Aontais um Thoghcháin.'